2025/90929

25.11.2025

Ceartúchán ar Rialachán (AE) 2024/1351 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 maidir le bainistiú tearmainn agus imirce, lena leasaítear Rialacháin (AE) 2021/1147 agus (AE) 2021/1060 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 604/2013

(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L, 2024/1351, 22 Bealtaine 2024)

1. Ar leathanach 16, Airteagal 2, pointe (23):

in ionad: '(23) ciallaíonn "oibríochtaí cuardaigh agus tarrthála" oibríochtaí cuardaigh agus tarrthála dá dtagraítear sa Choinbhinsiún Idirnáisiúnta maidir le Cuardach agus Tarrtháil ar Muir, 1979, arna ghlacadh in Hamburg an 27 Aibreán 1979;',

léitear: '(23) ciallaíonn "oibríochtaí cuardaigh agus tarrthála" oibríochtaí cuardaigh agus tarrthála dá dtagraítear sa Choinbhinsiún Idirnáisiúnta maidir le Cuardach agus Tarrtháil ar Muir, arna ghlacadh in Hamburg an 27 Aibreán 1979;'.

2. Ar leathanach 20, Airteagal 7(4):

in ionad: '4. Tacaíocht airgeadais agus oibríochtúil ón Aontas, lena n-áirítear tacaíocht oibríochtúil ó chomhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais, chun na hoibleagáidí a chur chun feidhme, soláthrófar í i gcomhréir le Rialacháin (AE) 2019/1986, (AE) 2021/1147, (AE) 2021/2303 agus, i gcás inar ábhartha, Rialachán (AE) 2021/1148.',

léitear: '4. Tacaíocht airgeadais agus oibríochtúil ón Aontas, lena n-áirítear tacaíocht oibríochtúil ó chomhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais, chun na hoibleagáidí a chur chun feidhme, soláthrófar í i gcomhréir le Rialacháin (AE) 2019/1896, (AE) 2021/1147, (AE) 2021/2303 agus, i gcás inar ábhartha, Rialachán (AE) 2021/1148.'.

3. Ar leathanach 55, Airteagal 60(6):

in ionad: '6. Gach bliain in Eanáir ó 2025 ar aghaidh, déanfaidh na Ballstáit leibhéil gach birt dlúthpháirtíochta arna chur chun feidhme le linn na bliana roimhe sin a dheimhniú do Chomhordaitheoir Dlúthpháirtíochta an Aontais.',

léitear: '6. Gach bliain i mí Eanáir ó 2027 ar aghaidh, déanfaidh na Ballstáit leibhéil gach birt dlúthpháirtíochta arna chur chun feidhme le linn na bliana roimhe sin a dheimhniú do Chomhordaitheoir Dlúthpháirtíochta an Aontais.'.

4. Ar leathanach 57, Airteagal 63(6), an chéad fhomhír:

in ionad: '6. Sainaithneoidh an Ballstát is rannchuiditheoir na hiarratais aonair a nglacann sé freagracht astu de bhun mhíreanna 2 agus 3 den Airteagal seo, agus cuirfidh sé an Ballstát is tairbhí ar an eolas faoi sin, trí úsáid a bhaint as an líonra cumarsáide leictreonaí a cuireadh ar bun faoi Airteagal 18 de Rialachán (CE) Uimh. 1560/2003.',

léitear: '6. Sainaithneoidh an Ballstát is rannchuiditheoir na hiarratais aonair a nglacann sé freagracht astu de bhun mhíreanna 3 go 5 den Airteagal seo, agus cuirfidh sé an Ballstát is tairbhí ar an eolas faoi sin, trí úsáid a bhaint as an líonra cumarsáide leictreonaí a cuireadh ar bun faoi Airteagal 18 de Rialachán (CE) Uimh. 1560/2003.'.

5. Ar leathanach 58, Airteagal 63(8), pointe (c):

in ionad: '(c) nach bhfuil an teorainn ama aistrithe a leagtar amach in Airteagal 39(1) dulta in éag go fóill;',

léitear: '(c) nach bhfuil an teorainn ama aistrithe a leagtar amach in Airteagal 46(1) dulta in éag go fóill;'.

6. Ar leathanach 67, Airteagal 83, an chéad mhír:

in ionad: 'Aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 604/2013 le héifeacht ón 1 Iúil 2026.',

léitear: 'Aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 604/2013 le héifeacht ón 12 Meitheamh 2026.'.

7. Ar leathanach 67, Airteagal 84(1):

in ionad: ‘1. I gcás ina gcláraítear iarratas tar éis an 1 Iúil 2026, déanfar aon teagmhais ar dóigh go gcuirfí freagracht ar Bhallstát faoin Rialachán seo dá mbarr a chur i gcuntas, fiú má tharlaíonn siad roimh an dáta sin.’,

léitear: ‘1. I gcás ina gcláraítear iarratas tar éis an 12 Meitheamh 2026, déanfar aon teagmhais ar dóigh go gcuirfí freagracht ar Bhallstát faoin Rialachán seo dá mbarr a chur i gcuntas, fiú má tharlaíonn siad roimh an dáta sin.’.

8. Ar leathanach 67, Airteagal 84(2):

in ionad: ‘2. Déanfar an Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna chlárú roimh an 1 Iúil 2026 a chinneadh i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 604/2013.’.

léitear: ‘2. Déanfar an Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna chlárú roimh an 12 Meitheamh 2026 a chinneadh i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 604/2013.’.

9. Ar leathanach 67, Airteagal 84(3), an chéad fhomhír agus an dara fomhír:

in ionad: ‘3. Faoin 12 Meán Fómhair, déanfaidh an Coimisiún, i ndlúthchomhar le comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí ábhartha an Aontais agus leis na Ballstáit, plean cur chun feidhme comhchoiteann a chur faoi bhráid na Comhairle chun a áirithiú go mbeidh na Ballstáit ullamh go leormhaith chun an Rialachán seo a chur chun feidhme faoin 1 Iúil 2026, ina ndéantar measúnú ar bhearnaí agus ar na céimeanna oibríochtúla is gá, agus cuirfidh sé Parlaimint na hEorpa ar an eolas faoi sin.

Ar bhonn an phlean cur chun feidhme chomhchoitinn sin, faoin 12 Nollaig 2024, déanfaidh gach Ballstát, le tacaíocht ón gCoimisiún agus ó chomhlachtaí, oifigí agus ghníomhaireachtaí ábhartha de chuid an Aontais, plean cur chun feidhme náisiúnta a bhunú ina leagtar amach na gníomhaíochtaí agus an amlíne chun é a chur chun feidhme. Déanfaidh gach Ballstát cur chun feidhme a phlean a chur i gcrích faoin 1 Iúil 2026.’,

léitear: ‘3. Faoin 12 Meán Fómhair 2024, déanfaidh an Coimisiún, i ndlúthchomhar le comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí ábhartha an Aontais agus leis na Ballstáit, plean cur chun feidhme comhchoiteann a chur faoi bhráid na Comhairle chun a áirithiú go mbeidh na Ballstáit ullamh go leormhaith chun an Rialachán seo a chur chun feidhme faoin 12 Meitheamh 2026, ina ndéantar measúnú ar bhearnaí agus ar na céimeanna oibríochtúla is gá, agus cuirfidh sé Parlaimint na hEorpa ar an eolas faoi sin.

Ar bhonn an phlean cur chun feidhme chomhchoitinn sin, faoin 12 Nollaig 2024, déanfaidh gach Ballstát, le tacaíocht ón gCoimisiún agus ó chomhlachtaí, oifigí agus ghníomhaireachtaí ábhartha de chuid an Aontais, plean cur chun feidhme náisiúnta a bhunú ina leagtar amach na gníomhaíochtaí agus an amlíne chun é a chur chun feidhme. Déanfaidh gach Ballstát cur chun feidhme a phlean a chur i gcrích faoin 12 Meitheamh 2026.’.

10. Ar leathanach 68, Airteagal 85, an dara mír:

in ionad: ‘Beidh feidhm aige ón 1 Iúil 2026.’,

léitear: ‘Beidh feidhm aige ón 12 Meitheamh 2026.’.